Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú an Teastais Shóisearaigh

An Bhéaltriail Roghnach sa Ghaeilge in 2010 agus ina dhiaidh sin

Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Treoirlínte

1. Reamhrá

Beidh 40% den mhóriomlán marcanna ag gabháil leis an mBéaltriail Roghnach i scrúdú Gaeilge an Teastais Shóisearaigh in 2010 agus ina dhiaidh sin. Tabharfaidh an marc méadaithe sin spreagadh do na hiarrthóirí agus do na múinteoirí araon aitheantas a bhaint amach ar inniúlacht i labhairt na teanga atá ar cheann de mhór aidhmeanna an tsiollabais.

(a) Tá 400 marc san iomlán le gnóthú i scrúdú Gaeilge an Teastais Shóisearaigh, an Bhéaltriail Roghnach san áireamh. Is triail scoilbhunaithe roghnach í an Bhéaltriail agus tá 160 marc ag gabháil léi.

(b) Ceadaítear an Bhéaltriail Roghnach a chur ar siúl am ar bith idir an 23 Feabhra agus 20 Aibreán, 2010.

(c) Ní mór cloí sa Bhéaltriail Roghnach leis an bhformáid agus leis an scéim mharcála mar atá siad leagtha amach thíos.

(d) Ní mór ord fiúntais na n-iarrthóirí i labhairt na teanga, de réir thuairim lucht údaráis na scoile, i ngach rang iomlán ar leith a bheidh ag tabhairt faoin mBéaltriail Roghnach sa Teastas Sóisearach, a sheoladh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit ar na foirmeacha **BT.R.1** atá faoi iamh leis seo roimh 23 Feabhra, 2010. Ní mór na marcanna a bhronnfar sa Bhéaltriail féin a sheoladh chuig an gCoimisiún ar na foirmeacha **BT.R.2** atá faoi iamh leis seo díreach tar éis na dtrialacha.

(e) 240 marc atá ag gabháil leis an scrúdú scríofa agus leis an Triail Chluastuisceana i dteannta a chéile. Iarrthóirí nach ndéanfaidh an Bhéaltriail Roghnach, déanfar an toradh as an scrúdú ar fad a ghrádú as 240 marc.

2. Formáid na Béaltrialach in 2010 agus ina dhiaidh sin

An tAchar ama: 11/12 nóiméad

Líon na Marcanna: 160 marc

Cuid 1: Fáiltiú – 1 nóiméad (**10 marc**)
Ceisteanna chun an t-iarrthóir a chur ar a s(h)uaimhneas – e.g. ainm, scrúduimhir, dáta breithe, rang.

Cuid 2: Cur síos ar shraith pictiúr – 3 nóiméad. (**30 marc**)

- Beidh na topaicí sna sraitheanna pictiúr bunaithe ar an *Siollabas don Teastas Sóisearach – Gaeilge*.

- Beidh cúig shraith pictiúr ann. Beidh deis ag na múinteoirí agus ag na hiarrthóirí na sraitheanna pictiúr a íoslódáil ó shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit i rith an chúrsa agus an t-ábhar iontu a chleachtadh sa rang.

- Beidh na sraitheanna pictiúr go léir béal faoi ar an mbord ar lá an scrúdaithe. Roghnóidh an t-iarrthóir sraith pictiúr amháin go randamach as na cúig shraith pictiúr. Beidh nóiméad amháin ag an iarrthóir chun staidéar agus anailís a dhéanamh ar an tsraith a roghnóidh sé/sí. Ansin déanfaidh an t-iarrthóir cur síos ar ábhar na sraithe a roghnaigh sé/sí.

Cuid 3: Rólghlacadh – 3 nóiméad (**40 marc**)

- Beidh ábhar na gcartaí a bheidh in úsáid don chuid seo den scrúdú bunaithe ar thopaicí as an Siollabas don Teastas Sóisearach.

    - Nó go bhfógrófar a mhalairt, is iad seo a leanas na topaicí don chuid seo den scrúdú:

- **An Scoil**
- **Caitheamh Aimsire**
- **Laethanta Saoire**
- **Bia agus Deoch**

- Beidh ocht gcárta san iomlán ann, dhá chárta bunaithe ar gach ceann de na ceithre thopaic atá luaite thuas. Beidh grafaicí agus téacs ar na cártaí uile. Beidh deis ag na múinteoirí agus ag na hiarrthóirí na cártaí a íoslódáil anuas ó shuíomh gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit i rith an chúrsa agus an t-ábhar iontu a chleachtadh sa rang.

- Beidh na cártaí go léir béal faoi ar an mbord ar lá an scrúdaithe. Roghnóidh an t-iarrthóir cárta amháin go randamach as na hocht gcárta. Beidh nóiméad amháin ag an iarrthóir chun staidéar agus anailís a dhéanamh ar an gcárta a roghnóidh sé/sí. Ansin cuirfidh an t-iarrthóir ceisteanna ar an scrúdaitheoir faoin gcárta a roghnaigh sé/sí. Beidh an dara ceann den chárta céanna i seilbh an scrúdaitheora. Beidh ról idirghníomhach ag an scrúdaitheoir sa chuid seo den Bhéaltriail nuair is gá leis sin.

- Deich gceist ar fad a chuirfidh an t-iarrthóir.

Cuid 4: Agallamh – 4/5 nóiméad (**80 marc**)

Cuirfidh an scrúdaitheoir réimse ceisteanna ar an iarrthóir ar shlí agus i gcomhthéacs a bheidh oiriúnach d'aois an iarrthóra, bunaithe ar na topaicí agus ar na feidhmeanna teanga atá leagtha amach sa *Siollabas don Teastas Sóisearach – Gaeilge*.

(a) Ní mór an t-agallamh a reáchtáil sa chaoi go mbeidh sé oiriúnach do gach iarrthóir, is cuma cén leibhéal, Ardleibhéal nó Gnáthleibhéal, a dtabharfaidh siad faoi ar ball sa scrúdú scríofa.

(b) Is é an scrúdaitheoir a dhéanfaidh an t-agallamh a stiúradh ach beidh ról idirghníomhach ag an iarrthóir. Ba cheart an t-agallamh a bhunú ar rogha chuí as a bhfuil sa Siollabas, i.e. Topaicí, Nóisin, Feidhmeanna, Gníomhaíochtaí (lch 13- 42).

(c) Ó tharla go mbeidh ról idirghníomhach ag an iarrthóir san agallamh seo beidh sé ceadmhach don iarrthóir ceisteanna a chur agus topaicí a phlé.

(d) Ba cheart go mairfeadh an chuid seo den triail 4/5 nóiméad i gcás gach iarrthóra, de ghnáth. Is ceadmhach agus moltar an fad ama a ghiorrú i gcás iarrthóirí atá faoi bhac urlabhra, áfach.

(e) Is éard a bheidh ar siúl sa triail mar sin ná freagairt chumarsáideach an iarrthóra i nGaeilge ar cibé ceist a chuirfear air/uirthi nó do cibé spreagthacht a thiocfaidh chuige/chuici ón scrúdaitheoir. Ba chóir geáitsíocht chorpartha an iarrthóra, a mbeadh leideanna inti faoina c(h)umas tuisceana, e.g. croitheadh cinn, croitheadh guaillí, síneadh méire, gothaí láimhe agus mar sin de, a chur san áireamh anseo freisin mar is cuid bhunúsach den chumarsáid an chumarsáid sin.

(f) Moltar tosú i gcónaí le roinnt mioncheisteanna nach n-éileoidh ach freagraí gairide simplí. Ba cheart an chuid tosaigh seo a bhunú ar eispéireas an iarrthóra maidir lena g(h)arthimpeallacht féin agus ar nithe a bhfuil spéis aige/aici iontu. Ba cheart scóip na cainte a leathnú amach ansin de réir a chéile, agus de réir mar a bhraitear an cumas chuige sin san iarrthóir, d'fhonn an deis a thabhairt dó/di réim iomlán a c(h)umais labhartha (agus tuisceana) sa Ghaeilge a léiriú. Is breá leis na hiarrthóirí óga seo tuairimí agus mothúcháin, 7rl. a chur in iúl, go háirithe na hiarrthóirí ardchumais, agus ba chóir an deis chuige sin a chur ar fáil dóibh le linn na trialach. Ní mholtar dul rófhada óna ngarthimpeallacht i gcás daltaí laga, áfach.

(g) Taifeadadh

(i) Sa chaoi go mbeidh na torthaí a ghabhann leis an scrúdú scoilbhunaithe seo bailí agus iontaofa is den riachtanas é go mbeadh deis ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar chaighdeán na marcála. Chuige sin caithfear béaltriail gach iarrthóra a thaifeadadh.

(ii) Ba cheart ***dhá*** théip 90 nóiméad a úsáid in obair na téipeála. Scríobhtar na focail "Téip Ghinearálta" ar an lipéad i gcás ceann amháin díobh agus na focail "Téip Speisialta" ar an lipéad i gcás an dara ceann. Ba chóir na hiarrthóirí ar fad, cé is moite de na hiarrthóirí speisialta don "Téip Speisialta", a théipeáil ar an "Téip Ghinearálta". Tá sé tábhachtach go bhfeicfeadh agus go dtuigfeadh na hiarrthóirí go rabhadar ar fad á dtéipeáil, agus nach rabhthas ag déanamh eisceachta de dhuine ar bith. Is é a tharlóidh mar sin i gcás na "Téipe Ginearálta" ná go mbeidh na hiarrthóirí "ginearálta" sin ar fad á dtéipeáil anuas ar a chéile, sa chaoi gur chóir go mbeadh roinnt díobh fós le cloisteáil ar an téip (na hiarrthóirí deireanacha go háirithe) ag deireadh na dtrialacha.

(iii) Ba chóir 10% de na hiarrthóirí, nó seisear díobh (cibé líon acu sin is mó), a roghnú go speisialta agus a théipeáil ar an "Téip Speisialta" (**dhá** "Théip Speisialta" a úsáid, más gá). Roghnaigh mar seo iad: cúpla iarrthóir ardchumais, cúpla iarrthóir meánchumais agus sampla nó beirt de dhaoine laga.

(iv) Ba chóir an "Téip Ghinearálta" agus an "Téip Speisialta" a choimeád sa scoil go mbeidh tréimhse na n-athchomharc. Tharlódh go n-iarrfadh an Coimisiún ar údaráis na scoile na téipeanna sin a chur go dtí Coimisiún na Scrúduithe Stáit chun go ndéanfaí monatóireacht ar an gcaighdeán marcála iontu.

(v) Ag tús na téipeála ar **gach** iarrthóir ba chóir **ainm** agus **scrúduimhir** an iarrthóra a thaifeadadh ar an téip, e.g. **S*eo an t-iarrthóir Síle Ní Bhriain, Scrúduimhir 7722.*** Ba cheart chomh maith ainmneacha agus scrúduimhreacha na n-iarrthóirí a **scríobh** go cúramach ar lipéid na dtéipeanna, san ord ina bhfuil siad le cloisteáil ar na téipeanna. Ní mór an gnó áirithe seo a dhéanamh go han-chruinn ar fad i gcás na Téipe Speisialta. Ní mór **ciorcal** chomh maith a chur timpeall ar ainmneacha agus scrúduimhreacha na n-iarrthóirí "speisialta" ar na foirmeacha, **BT.R.1**, agus **BT.R.2.**

(h) Canúintí

Ní mór cloí chomh dlúth agus is féidir leis an gcanúint is oiriúnaí.

3. An Córas Marcála

(a) Réamhrá

Cumas cumarsáide an iarrthóra trí mheán na Gaeilge agus máistreacht an iarrthóra ar an ngné labhartha den teanga an dá rud is mó atá le tástáil agus le marcáil sa triail. Sa scéim mharcála seo tugtar Cumas Cumarsáide ar an gcéad chuid de sin agus Cumas Teanga ar an dara cuid. De ghrá na simplíochta amháin a rinneadh sin, mar ní mór cuimhneamh air i gcónaí gur aonad í iarracht chainte agus chumarsáide an iarrthóra le linn na trialach agus é/í ag freagairt na gceisteanna agus na spreagthaí a chuirfidh an scrúdaitheoir ina láthair. An dá chumas úd mar sin – an Cumas Cumarsáide agus an Cumas Teanga – is dhá chuid iad den aonad céanna, agus ba chóir dá réir sin go mbeadh coibhneas réadúil áirithe idir an mharcáil a dhéanfaí ar chuid amháin agus an mharcáil a dhéanfaí ar an gcuid eile. Ní bheadh ciall, mar shampla, le marcáil ina mbronnfaí marc an-ard as 50 ar an gCumas Cumarsáide agus marc an-íseal as 30 ar an gCumas Teanga.

Laistigh den Chumas Cumarsáide tá na gnéithe seo a leanas le háireamh:

- tuiscint an iarrthóra ar chaint agus ar cheisteanna/spreagthaí an scrúdaitheora;
- líofacht agus fonnmhaireacht chainte; sothuigtheacht maidir le smaointe, mothúcháin, tuairimí a chur in iúl;
- fairsinge agus cruinneas maidir le stór Gaeilge (stór focal, leaganacha, 7rl.).

Laistigh den Chumas Teanga tá na gnéithe seo a leanas le háireamh:

- máistreacht an iarrthóra ar na príomhghnéithe de cheart na teanga labhartha:
- comhréir agus struchtúir,
- gramadach agus deilbhíocht,
- rithim agus foghraíocht

Nuair a bheidh an scrúdaitheoir i mbun iarracht iomlán an iarrthóra a mheas agus a mharcáil ag deireadh na trialach ba chóir dó/di gach a bhfuil i gceist thuas leis an dá chumas úd (Cumas Cumarsáide agus Cumas Teanga) a chur san áireamh go coinsiasach cúramach, agus cinneadh a dhéanamh i dtaobh an réimse marcanna de réir na scéime thíos lena mbaineann iarracht an iarrthóra sin. Ba cheart go mbeadh coibhneas réadúil áirithe idir an marc don Chumas Cumarsáide agus an marc don Chumas Teanga agus coibhneas réadúil áirithe idir **iomlán** an dá mharc sin le chéile agus **an t-iomlán ginearálta** (blocmharc) a bheadh ag bailiú in aigne an scrúdaitheora le linn na trialach ar iarracht **uile** ar iarrthóra mar **aonad**.

(b) Dáileadh na Marcanna

Béaltriail (160 marc) Córas Marcála

Cuid 1: Fáiltiú (10 marc: 1 nóiméad cainte)

8–10 marc: Tuiscint fhoirfe, sárlíofacht chainte, cur in iúl sothuigthe agus saoráideach. (*sármhaith*)
6–7 marc: Tuiscint an-mhaith, líofacht an-mhaith, cur in iúl maith agus sothuigthe. (*an-mhaith*)
4–5 marc: Tuiscint réasúnta maith, líofacht mhaith, cur in iúl réasúnta sothuigthe. (*maith*)
2–3 marc: Gan ach tuiscint ar Ghaeilge shimplí, cur in iúl measartha. (*measartha*)
0–2 marc: Caint an-easnamhach gan mórán brí. (*lag*)

Cuid 2: Cur síos ar shraith pictiúr a roghnóidh an t-iarrthóir (30 marc: 1 nóiméad ullmhúcháin agus 2 nóiméad cainte)

An chéad phictiúr sa tsraith pictiúr:
6–7 marc: Tuiscint fhoirfe, sárlíofacht chainte, cur síos sothuigthe agus saoráideach bunaithe ar an tsraith pictiúr. (*sármhaith*)
4–5 marc: Tuiscint an-mhaith, líofacht an-mhaith, cur síos maith agus sothuigthe bunaithe ar an tsraith pictiúr. (*an-mhaith*)
3–3 marc: Tuiscint réasúnta maith, líofacht mhaith, cur síos réasúnta sothuigthe bunaithe ar an tsraith pictiúr. (*maith*)
2–2 marc: Gan ach tuiscint ar Ghaeilge shimplí, cur síos measartha. (*measartha*)
1–1 marc: Caint an-easnamhach gan aon bhrí. (*lag*)

Cuirfear an **próiseas céanna** i bhfeidhm i gcás an **dara**, an **tríú** agus an **ceathrú pictiúr** sa tsraith pictiúr. Bronnfar 2 mharc as éifeacht an chur i láthair.

Cuid 3: Rólghlacadh – (40 marc: 1 nóiméad ullmhúcháin agus 2 nóiméad ag cur ceisteanna)

4 mharc ag gabháil le gach ceist: 4 × 10 = 40 marc

4 marc: Ceist chruinn, fhírinneach agus líofa bunaithe ar an bpóstaer. (*sármhaith*)
3 marc: Ceist réasúnta cruinn, bunaithe ar an bpóstaer. (*an-mhaith*)
2 marc: Ceist stadach gan mórán tuisceana ar an bpóstaer (*maith*)
1 marc: Ceist agus tagairt éigin inti don phóstaer. (*measartha*)
0 marc: Ciúnas nó gan aon bhrí a bheith le ceist an iarrthóra. (*lag*)

Sampla:

4 marc: Cén t-ainm atá ar an gcoláiste (*sármhaith*)
3 marc: Cad é ainm coláiste? (*an-mhaith*)
2 marc: Cad é coláiste ainm? (*maith*)
1 marc: Ainm coláiste? (*measartha*)
0 marc: Sea? (*lag*)

Cuid 4: An t-Agallamh – 4/5 nóiméad

CUMAS CUMARSÁIDE (50 marc)

(= Tuiscint, Líofacht, Stór Focal, Sothuigtheacht an chur in iúl).

AICME	TREOIR	MARC
SÁRMHAITH (**80 - 100%**)	Tuiscint fhoirfe; Sárlíofacht chainte; Stór focal an-chruinn agus an-fhairsing; An cur in iúl an-sothuigthe agus an-saoráideach.	**40 - 50**
AN-MHAITH (**60 - 79%**)	Tuiscint an-mhaith; Líofacht an-mhaith chainte; Stór focal cruinn agus fairsing; An cur in iúl go maith sothuigthe.	**30 - 39**
MAITH (**40 - 59%**)	Tuiscint réasúnta maith; Líofacht mhaith chainte; Stór focal maith go leor ach pas teoranta; An cur in iúl réasúnta sothuigthe formhór an ama.	**20 - 29**
MEASARTHA (**20 - 39%**)	Gan tuiscint ach ar Ghaeilge shimplí; Líofacht áirithe maidir le caint shimplí; Stór focal easnamhach; Gan an cur in iúl ach measartha.	**10 - 19**
LAG (**0 - 19%**)	An chaint lag easnamhach; An chaint bhacach stadach; Stór focal an-easnamhach; An cur in iúl ann ar éigean.	**0 - 9**

CUMAS TEANGA (30 marc)

(= Máistreacht ar chruinnúsáid na bpríomhghnéithe de cheart na teanga labhartha: comhréir agus struchtúir, gramadach agus deilbhíocht, rithim agus foghraíocht.)

AICME	TREOIR	MARC
SÁRMHAITH **(80 - 100%)**	Ardchumas maidir le máistreacht ar an gcruinnúsáid atá i gceist thuas.	**24 - 30**
AN-MHAITH **(60 - 79%)**	Cumas an-mhaith maidir le máistreacht ar an gcruinnúsáid atá i gceist thuas.	**18 - 23**
MAITH **(40 - 59%)**	Cumas réasúnta maith maidir le máistreacht ar an gcruinnúsáid atá i gceist thuas. Ionramháil ar chaint shimplí leanúnach agus abairtí simplí iomlána réasúnta slán ó thaobh cruinnúsáide de (bunaimsirí na ngnáthbhriathra coitianta go háirithe agus bunrialacha comhréire agus foghraíochta).	**12 - 17**
MEASARTHA **(20 - 39%)**	Lochtach maidir le máistreacht ar an gcruinnúsáid atá i gceist thuas. Gearrabairtí gan a bheith ró-olc ach ionramháil ar chaint shimplí leanúnach lochtach ó thaobh na cruinnúsáide de (go háirithe maidir le bunaimsirí na ngnáthbhriathra coitianta agus maidir le bunrialacha na comhréire agus na foghraíochta).	**6 - 11**
LAG **(0 - 19%)**	An-lochtach maidir le máistreacht ar an gcruinnúsáid atá i gceist thuas. Na bunaimsirí, bunrialacha na comhréire agus na foghraíochta go hainnis. Gan ach an corrfhreagra gairid slán ar cheisteanna an-simplí.	**0 - 5**